

Gasúir na Rúise

Bhunaigh Debbie Deegan, bean phósta as Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath, an charthanacht *"To Russia With Love"* (TRWL) i 1997 chun cúnamh a thabhairt do na dílleachtaí i Hortolova. I Nollaig 2002, thug Máirtín a chéad chuairt anonn le cúnamh a thabhairt do na gasúir ansin agus bhí sé thall aríst i mbliana agus é ag soláthar ceoil, saothair agus eolais mar a léiríonn na pictiúir seo thíos.



Don Rúis le Grá

Máirtín Ó Dubhghaill

Bhí sé d'ádh orm trí seachtainí a chaitheamh sa Dilleachtlann in Hortolova i mí Lúnasa seo caite. Bhí sé iontach a bheith i measc na ngasúr arís, ag spraoi, ag damhsa agus ag déanamh ceoil. Bhí sé de phribhléid agam a bheith in ann síntiúis fhlaithiúla mhuintir Chois Fharraige a chaitheamh ar son leas na ndílleachtaí bochta. Deineadh athchóiriú ar chúpla seomra i suanlios na gcailíní agus tá siad anois feistithe amach go hálainn. Ceannaíodh rothair (agus páirteanna do rothair bhriste), cúpla ríomhaire agus bogábhár, uirlisí ceoil go leor cadhnraí agus ábhar ealaíne agus ceardaíochta.

An chéad mhaidin a raibh mé ann, chuaigh mé chuig an margadh le duine de na Rúisigh atá ag obair do *To Russia With Love* agus cheannaigh muid “sandals” do chuile ghasúr sa dílleachtlann. Fuair muid éadach geimhridh agus buataisí sneachta freisin. Tá 110 gasúr sa dílleachtlann faoi láthair agus tá a saol agus an foirgneamh fhéin feabhsaithe thar cuimse, a bhuíochas sin do fhlaithiúlacht mhuintir Chonamara.

Is in Hortolova is mó atá *To Russia With Love* ag obair ach anois tá an charthanacht ag cuidiú le dílleachtlanna eile sa cheantar. Tá 16 dhílleachtlann i gceantar Bryansk amháin. (Mar eolas, tá os cionn 3,000 dílleachtlann i dtír ollmhór na Rúise!).

Ceann de na dílleachtlanna a dtugann muide cúnamh dóibh is do ghasúir a bhfuil fadhbanna súl acu iad, cuid acu atá dall agus a bhformhór a bhfuil amharc na súl an-lag agus ag dul in olcas. Thug muid ualach áiseanna ealaíne dóibh i mbliana. Chaith mé lá ina dteannta seo i mbliana agus tá mé ag súil le dul ar ais chucu an bhliain seo chugainn. Is breá leis na gasúir seo ceol agus, creid é nó nár creid, péinteáil! Cé go bhfuil siad beagnach dall, tarraingíonn siad pictiúir áille.

Na “markers” agus na péinteanna a thug muid dóibh, aithníonn na gasúir na dathanna ón mboladh a thagann uathu. Agus bíonn na pictiúir a tharraingíonn

na gasúir seo do-chreidte! Ní cheapfadh duine ar bith go raibh siad déanta ag gasúir atá beagnach dall. Tá mé ag súil go mór le filleadh ar an áit seo agus seachtain nó níos mó a chaitheamh ann.

Bhí dhá oíche mhór ceoil agus craic ag pobal Chois Fharraige sa samhradh le hairgead a chruinniú ar son na cúise; ceann Tigh Hughes sa Spidéal (eagraithe ag Breda Hughes agus Timmy Ó Flatharta) agus ceann eile Tigh Mholly (a bhí eagraithe ag Cumann Drámaíochta Chois

Fharraige, Peadar agus muintir Tigh Mholly).

Thug go leor daoine síntiúis phearsanta don charthanacht a chuidigh go mór leis an obair a bhí á dhéanamh i Hortolova sa samhradh. Tá a fhios ag na gasúir ar fad sa dílleachtlann go bhfuil fíorchairde acu i gConamara! Thar ceann an charthanachta, *To Russia With Love*, glacaim buíochas ó chroí arís le pobal Chonamara faoin gcúnamh a thugann siad go fial don bhfeachtas seo atá ar bun le 11 bhliain. Go gcúití Dia bhur bhféile libh.

